

Polasaí Fóin Póca & Giuirléidí Leictreonacha:

Más rud é go bhfuil difríocht idir a bhfuil scríofa as Gaeilge agus as Béarla sa pholasaí seo, glactar leis an leagan Gaeilge mar an leagan cruinn agus an leagan Béarla mar aistriúchán.

Réamhrá

Cuireadh an polasaí seo le chéile mar fhreagra ar úsáid gléasanna leictreonach i measc an phobail. Ar leasa na bpáistí, tá an polasaí a leanas forbartha ag an bhfoireann i gcomhpháirt leis an mBord Bainistíochta agus tuismitheoirí na scoile

Réasúnaíocht

- Is féidir le giuirléidí leictreonacha ar nós fóin phóca, táibléid, seinnteoirí MP3, consóil leictreonacha srl a bheith ionsúiteach agus suaiteach i suíomh scoile.
- D'fhéadfadh úsáid fóin le ceamaraí iontu fadhbanna a chothú maidir le Chaomhnú Leanaí agus Cosaint Sonraí de bharr tógáil, úsáid agus scaipeadh de ghrianghraif mí-chuí.

Comhthéacs an Pholasaí:

- An comhaontú ginearálta atá ag pobal na scoile ná nár cheart fóin chliste / uaireadóirí cliste nó gléasanna cliste eile a bheith ag páistí na scoile fad is a bhíonn siad sa bhunscoil.
- Tá na dainséir a bhaineann leo soiléir. Aithnítear an tionchar diúltach a bhíonn ag na fóin ar fholláine na bpáistí, ar leibheál imní na bpáistí, ar bhuairteanna caomhnú páistí, ar bhulaíocht agus ar fhoghlaim ar scoil.
- Le faomhadh tuismitheoirí na scoile, tá pobal Gaelscoil Riada tar éis dul isteach i bhfeachtas le scoileanna áitiúla i mBaile Atha an Rí agus siniú suas don chód **An Óige a Choinneáil Saor ón bhFón Cliste**. Leis seo, déanann tuismitheoir(í) / caomhnóir(í) cinneadh maidir le na gléasanna seo a cheannach dá bpáiste(í) fad is a bhíonn siad sa bhunscoil. Tá teacht ag tuismitheoirí na scoile ar na sonraí seo agus bíonn siad seolta chucu chuile bhliain.

Aithnítear go mbíonn tuairimí difriúla ag tuismitheoirí/caomhnóirí agus páistí na scoile agus is gá don Bhord Bainistíochta é seo a aithint agus a thógáil san áireamh.

Tá an Bord Bainistíochta agus pobal na scoile aontaithe go gcabhróidh an polasaí seo le bainistiú na scoile agus go mbeidh na páistí níos sona agus sábháilte de bharr.

Cur i bhfeidhm an pholasaí:

Fóin Phóca:

Molann an Bord Bainistíochta nach dtabharfaí fón cliste do pháiste bunscoile.

*Más gá fón a bheith ag páiste ar bhonn sábháilte, Féach le bhur dtoil ar **<u>Chásanna Eisceachtúla</u>** thíos.

Uaireadóirí Cliste

Más féidir le huaireadóirí cliste glaoch fóin a dhéanamh, teachtaireachtaí a sheoladh agus a ghlacadh is ionann iad agus fón póca agus tagann siad dá bhrí sin faoi na coinníollacha céanna a luaitear le fóin póca sa pholasaí seo agus ní ceadaítear iad ar scoil.



Giuirléidí Leictreonacha

Is éard is giuirléid leictreonach ann ná aon ghiuirléid gur féidir leis:

Glaoch a chur/téacs a sheoladh

Teacht ar an idirlíon

Grianghraf a ghlacadh

Níl cead giuirléidí nó consóil leictreonacha a thabhairt ar scoil i rith am scoile nó ar thurais scoile ach amháin i gcásanna eisceachtúil réamhshocruithe nuair a bhíonn sé molta ag an scoil ar bhonn oideachasúil.

*Cásanna Eisceachtúla:

Is scoil Chuimsitheach í Ghaelscoil Riada a chuireann comhionannas chun chinn agus a thógann comhthéasc gach páiste san áireamh. Is mar gheall ar seo go mbeidh an Bord Bainistíochta ag tógáil Cásanna Eisceachtúla san áireamh.

Baineann sé seo le **fón** amháin agus ní l' uaireadóir cliste nó gléas cliste ar bith eile.

Is féidir le tuismitheoirí/caomhnóirí a gcás eisceachtúil a chur i scríbhínn chuig an Bord Bainistíochta. Is gá foirm a líonadh isteach don Bhord Bainistaíochta ag lorg cead fón póca a bheith ag páiste ar scoil. Tá an fhoirm ar fáil ón oifig agus ba cheart go mbeadh sé lionta isteach roimh tús gach scoilbhliain. (féach Auguisín 1)

Má cheadaíonn an Bord Bainistíochta an fón ar laithreáin na scoile seo a leanas na tearmaí a bhaineann leo;

- ✓ Caithfear é a mhúchadh (Ní leis an fhuaim amháin múchta) chomh luath agus a thagann an pháiste isteach chuig chlós na scoile. Níl cead an fón a bhaint amach arís go dtí go bhfágann siad clós na scoile ag deireadh an lae. (sin aon áit ar an gcampas scoile)
- ✓ Níl cead ag daltaí aon fón póca a úsáid i rith am scoile, ar suíomh na scoile, sa bhfoirgneamh nó i rith aon gníomhaíochta scoile ar siúl taobh amuigh de suíomh na scoile (snámh nó eachtraí spóirt mar shampla).
- ✓ Beidh an fón coinnithe in oifig an phríomhoide go deireadh an lae.

Ní ghlacann an scoil freagracht ar bith d'fhóin póca nó guirléidí leictreonacha caillte, briste nó goidte ar thalamh na scoile nó ar thurasanna taobh amuigh den scoil.

Meabhraítear do tuismitheoirí gurb é oifig na scoile an chéad pointe teagmhála i gconaí:

- ✓ Má bhíonn gá teagmháil a déanamh leis an mbaile, déantar é seo trí oifig na scoile amháin.
- ✓ Má theastaíonn ó thuismitheoirí teagmháil a dhéanamh lena bpáiste, déantar é seo trí oifig na scoile amháin.

Mí-Úsáid Fóin/ Giuirléidí Leictreonacha

✓ Má bhíonn fón póca ag dalta ar shuíomh na scoile, ar thuras scoile nó ag imeacht scoile, nó má thugann sé/sí cluiche leictreonach ar scoil gan cead, tógfar an fón/guirléid / cluiche uathu láithreach. Múchfar iad, cuirfear tuistí ar an eolas agus ní thabharfar an gléas/fón ar ais go dtí go dtagann na tuismitheoirí chun é a bhailiú. Má tharlaíonn sé arís, coimeádfar an fón/guirléid ar feadh seachtain, cuirfear tuistí ar eolas agus beidh orthu teacht le haghaidh cruinniú chun é a bhailiú ón bPríomhoide.



- ✓ Má úsáideann dalta fón póca ar shuíomh na scoile, ar thuras scoile nó ag imeacht scoile gan cead, tógfar an fón/guirléid / cluiche uathu láithreach. Múchfar iad, cuirfear tuistí ar an eolas agus ní thabharfar an gléas/fón ar ais go dtí go dtagann na tuismitheoirí chun é a bhailiú. Má tharlaíonn sé arís, coimeádfar an fón/guirléid ar feadh seachtain, cuirfear tuistí ar eolas agus beidh orthu teacht chun é a bhailiú ón bPríomhoide
- ✓ Má bhíonn cás ann go bhfuil fón/ceamara mí-úsáidte sa scoil nó ar thalamh na scoile , cuirfear an Cód Smachta i bhfeidhm ar léibhéal sárú tromchúiseach ar an gCód Iompar.

Reachtú agus Athbhreithniú

Rinne an Bord Bainistíochta reachtú ar an bpolasaí seo ar an <u>01 Bealtaine 2024</u>. Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí de réir riachtanais.



Mobile Phone & Electronic Device Policy

Should there be any discrepancy between the Irish and English in this policy, it is accepted that the Irish is the correct version and the English is provided as a translation.

Introduction

This policy was drawn up in response to the general increased use of electronic handheld devices in the public. For the safety of the children, the staff, the board of management and the parents of the school have developed the following policy.

Rationale

- Electronic Gadgets such as tablets, mobile phones, MP3s, portable games consoles etc. can be intrusive and distracting in a school environment.
- Use of phones with integrated cameras could lead to child protection and data protection issues with regard to inappropriate capture, use or distribution of images.

Context of Policy

- The overall general consensus of the school community is that it is inappropriate for children in primary school to have smartphones, smart watches or any other smart devices with them on the schoolgrounds.
- The dangers associated with these are clear. The negative effect on children's wellbeing, heightened anxiety levels, child protection and bullying concerns as well as their effect on children's learning have all been acknowledged.
- After consultation with and approval from our parent body, Gaelscoil Riada joined up with other local primary schools in Athenry and opted into the voluntary initiative Keeping Childhood Smartphone Free. This essentially means that parents have come together to say that their children will not have a smartphone until the end of 6th class. Parents sign up to this code annually and the school furnishes parents with the results. The idea is strength in numbers, that children can see clearly that they are not the only one in their class without a smartphone.

The Board of Management of Gaelscoil Riada recognise that parents / guardians have different perspectives and opinions when it comes to giving their children access to devices at home and when it comes to mobile phones access prior to arriving at school and on the way home after school. The Board have taken these opinions into account in drawing up this policy.

The Board of Management and school community of Gaelscoil Riada are in agreement that this policy will ensure the orderly running and management of the school day and create a safe and happy environment for the children.

Implementation of Policy

Mobile Phones:

The Board of Management of Gaelscoil Riada recommend that smartphones **are not** given to primary school children.

* Exceptional circumstances relating to phones. Should a parent feels a child requires a phone for safety reasons, see below.



Smart Watches

Smart watches that can make phone calls, send, and receive text messages are subject to the school's mobile phone policy as stated above and are not permitted on school grounds.

Electronic Devices

For the purposes of this policy an electronic device is a device that can perform any of the following:

Access internet

Make calls/texts

Take photos/videos

Children may not bring any electronic devices into school during school hours or on school trips, except in exceptional, pre-arranged circumstances where the use of such devices is recommended by the school for educational reasons.

*Exceptional Circumstances

Gaelscoil Riada is an inclusive school which promotes equality and which takes each child's context into account. It is because of this that the school's Board of Management will take exceptional cases into account.

This exception relates solely to phones <u>and not</u> to smart watches or any other smart devices.

Parents must apply to the school Board of Management requesting that their child be permitted to bring his/her mobile phone to school. A form, available from the school office, must be completed seeking permission to have a **phone** in school. This form must be completed annually and returned to the school secretary marked for the attention of the Chairperson of the BOM. (Appendix 1)

If the Board of Management allows a phone on the school grounds the following terms will apply:

- ✓ Where a pupil brings a mobile phone to school, the phone must be turned off (being on silent does not suffice) once they are on school property. School property comprises of the main school building, the school yard and school carparks
- ✓ Phones will be stored in the principal's office for the duration of the school day.
- ✓ They may not be used, for any purpose, on the school premises, grounds or during off-site school activities (such as swimming or sports activities).

The school holds no responsibility for phones or devices lost or stolen or damaged on school grounds or on trips outside the school.

Parents are reminded that at all times the school office remains the main point of contact:

- ✓ Should parents/ guardians need to be contacted, this will be done through the school office only.
- ✓ If parents wish to contact their child, this will be done through the school office only.



Misuse of phones/Electronic Devices:

- ✓ Any pupil who has a mobile phone/electronic device without permission on school grounds, on a school tour or at a school event will have the device confiscated immediately. Parents will be called to come to collect the phone from the school principal. If there is a further infringement of this rule the phone/device will be kept in the school for a week, the parents will be informed, and the parents must collect the phone/device personally after the week is up.
- ✓ Any pupil who activates their phone/electronic device or uses it in any capacity on school grounds, on a school tour or at a school event will have it confiscated. The device will be turned off, parents will be informed, and the phone/device will not be returned until the parent(s) collect the phone from the school Principal. If there is a further infringement of this rule the phone/device will be kept in the school for a week, the parents will be informed, and the parents must collect the phone/device personally after the week is up.
- ✓ If there is ever a situation where it is found that a phone/camera phone has been misused within the school grounds, it will be treated as a serious breach of the school's Code of behaviour. Ratification and Review

Ratification and Review

This policy was ratified by the Board of Management on $\underline{01\,\text{May}\,2024}$ The policy will be reviewed when required.